

Tidy Towns Competition 2017

Adjudication Report

Centre: **An Spideal** Ref: **220**
County: **Galway** Mark: **300**
Category: **B** Date(s): **21/06/2017**

	Maximum Mark	Mark Awarded 2016	Mark Awarded 2017
Community Involvement & Planning	60	43	44
Built Environment and Streetscape	50	40	40
Landscaping and Open Spaces	50	40	42
Wildlife, Habitats and Natural Amenities	50	30	31
Sustainable Waste and Resource Management	50	10	13
Tidiness and Litter Control	90	59	59
Residential Streets & Housing Areas	50	31	33
Approach Roads, Streets & Lanes	50	37	38
TOTAL MARK	450	290	300

Community Involvement & Planning / Rannpháirtíocht an Phobail & Pleanáil:

Cuireann an moltóir seo na mílte fáilte roimh Choiste na mBailte Slachtmhara an Spidéil chuig an Comórtas Náisiúnta SuperVallu do 2017. Ba mhór an chabhair iad na sonraí a chuir sibh chugainn agus is maith go bhfuil liosa des na tograí leis an Iontráil agus pé ábhar breise a chuir sibh le chéile. Go raibh maith agaibh don bplean do 2017 mar cuirfidh sé smacht ar bhur oibre. Do bhíú tabhairt faoi phlean fad téarmach a bheadh mar fíós agaibh sa todhchaí. Is maith go bhfuil tacaíocht ag fáil ó lucht gnó agus an ceangailt atá agaibh leis an gComhairle Contae. Is ón bpáirtíocht a thioctaidh an leas is mó. Is maith go bhfuil lucht na scol ag tacú libh agus aghaidh acu ar bhratana glasa a bhaint amach. Bhíomar an tógtha leis an dea-obair atá déanta ag an gComhairle le deisiúcháin tar éis na tubaiste siar i 2014. Glactar leis nach dtiocfaidh an cladach ar ais mar abhí ach tá smacht ar an láthair le haghaidh siúlóidí. Cuireann an moltóir seo na mílte fáilte roimh Choiste na mBailte Slachtmhara an Spidéil chuig an Comórtas Náisiúnta SuperVallu do 2017. Ba mhór an chabhair iad na sonraí a chuir sibh chugainn agus is maith go bhfuil liosa des na tograí leis an Iontráil agus pé ábhar breise a chuir sibh le chéile. Go raibh maith agaibh don bplean do 2017 mar cuirfidh sé smacht ar bhur oibre. Do bhíú tabhairt faoi phlean fad téarmach a bheadh mar fíós agaibh des na todhchaí. Is maith go bhfuil tacaíocht ag fáil ó lucht ghnó agus an ceangailt atá agaibh leis an Comhairle Contae. Is ón bpáirtíocht a thioctaidh an leas is mó. Is maith go bhfuil lucht na scol ag tacú libh agus aghaidh acu ar bhratana glasa a bhaint amach. Bhíomar an tógtha leis an dea-obair atá déanta ag an gComhairle le deisiúcháin t'réise na tubaiste siar i 2014. Glactar leis nach dtiocfaidh an cladach ar ais mar abhí ach tá smacht ar an láthair le haghaidh siúlóidí.

Built Environment and Streetscape / An Timpeallacht Thógtha agus Sráid-dreacha:

Bhí beocht ar an mbaile lá na cuairte agus an gnó á dhéanamh ag an gCeardlann ach go háirithe. Bhí na sluaite ann ag siopadóireacht agus ag baint taitneamh as na h-áiseanna. Tá feabhas ar dhearadh agus ar líon na bhfoirgnimh. Spás maith parcála chomh maith a thugann compóird do chustaméirí. Síos an tsráid bhí na sluaite ann chomh maith. Bhí cuma álainn ar an bpíomhshráid atá feabhsaithe agus maisithe go maith le plandaí, troscán, comhatháíocht nua agus boscaí bruscair breá nua scaipthe timpeall. Dár ndoigh níl sibh gan lucht agus tá roinnt foirgnimh follamh, cuid acu le blianta fada anuas. Is trua mar nach bhfuil rogha agaibh ach fan ag agóid. Thaithn na foirgnimh seo leanas go mór linn: An Cogaslann sa phríomhshráid, An Droighneán Donn, Hugh Giblin, an tÓstán, An Nead, Thyme-Glas. Tá teach an tSagairt eisceachtúil agus cuma deas meallacht air. Tá feabhas tagaithe ar leagan amach na scoile agus an éileamh anseo ar spásanna parcála. Tá an coras rochtain anseo dainséarach de bharr na tráichta, agus is gá bheith an cuaramach ag tiomáint issteach 's amach. Tá an leabharlann go deas glan néata agus léiriú álainn de bhláthanna go flúireach ann maraon le súiochán.

Landscaping and Open Spaces / Tírdhreachú agus Spásanna Oscailte:

Tá éirithe go maith libh sa chatagóir seo agus obair iontach déanta ag an gcoiste agus ag lucht aonair chomh maith. Bhí an baile go deas geal agus dathannach tríd is tríd. Tá sibh ag baint an usáid as na bairrílí agus na boscaí bláthanna chun iomhá breá a chruthú, rud a théann i bhfeidhm ar thurasóirí. Is gá dúinn a chur in iúl daoibh go bhfuil béim mhór á cur anois ar phlandáil buan agus moltar daoibh breis crainn a chur 'sna blianta atá romhainn. Is breá linn an áit phicnic ar an mbealach ó Ghaillimh trasna ó Texaco. Leacht bhreá anseo do laochra litríochta agus béaloidis an chentair. Tá cuma deas néata ar an súiomh and an éileamh ar is cosúil. Bhíomar an tógtha leis an leacht An t-Oileán Draíochta ag an Sean Céibh. Thugamar cuairt ar an sean reilig ar chúl an tséipéil chomh maith. Tá sean bád anseo agus cuma thréigthe ar, bhfuil aon phlean don bhád seo? Tá rogha deas de bhláthanna ag an gcarrchlós ag Scoil Éinne. Tá bláthanna mealltacha ag an gcúinne ar bharr an bhothair nua cóirithe ar an mbealach isteach ón Indreabhán. Tá cuma gan chónaí ar an teach sa chúinne, ach dearadh breá traidisiúnta ar. Tá an teach ceann taobh trasna ó bhloc an leithris sa sráidbhaile thar a bheith mealltach agus an creidiúint ag dul don úinéir, agus é suite i lár an bhaile. Tá dhá crann briste sa phríomhshráid agus gá le cinn nua a chur do 2018.

Wildlife, Habitats and Natural Amenities / Fiadhúlra, Gnáthoga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha:

Roimh theacht ar mholtóireacht fuair an moltóir seo deis féachaint ar an DVD a scaoileadh ag Máirtín Davy tamall ó shoin agus a thugann léiriú cuimsitheach ar an gCladach, dá bhri sin fuaireas turscint ar shuibhreas an chladaigh agus an béim a cuireadh ar and dá thimpeallacht, an cladach agus an portach. Tá deiseanna thar an gná agaibh bhur marcanna a ardú sa chatagóir seo. Ni cuimhin liom go bhfaca mé aon bhord léiriúcháin faoi na h-ein sa timpeallacht. Deireann sibh san iarratass go bhfuil plean bithéagsúlacht agaibh, bhíú cóip a chur chugainn don bhliain seo chugainn. Ba bhreá linn bheith ag féachaint ar na crainn maorga sa mhaguard agus an fásach siar ag an droichead, agus an abhainn tábhachtach anseo, don chatagóir seo. Is trua linn a léamh go bhfuil bac curtha ar shiúlóidí de bharr sábháilteachas. Mar sin féin lean leis an bplean diaidh ar ndiadh.

Sustainable Waste and Resource Management / Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe:

Tugtar moladh do Chomhairle Contae na Gaillimhe as ucht oíche eolais bainistiú a eagrú ar dramháil agus múiríní. Is mír tábhacht é seo sa roinn seo. Ard mholadh do Scoil Éinne bheith bainteach leis an mBrat Glas. Thugas cuairt chuig an banc buidéal agus bhí cruth maith glan ann, agus é saor ó mhí-usáid. Taobh leis an suíomh seo thángthas ar áis eisceachtúil, gléas craoladh shuas ar chuaille ag guí dea- spáisteoireachta orm is mé ag trial ar droichead na gcos ag an abhainn, ní fhaca a leithéad de ghléas cheana, maith sibh. Moladh ag dul daoibh as ucht na hoibre atá ar siúl agaibh agus éadaigh caite a bhailiú, maraon le sean eadaí agus earraí do lucht na mbocht thar lear.

Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:

Tuigim anois gur bua thar an gnáth an cuaille seirbhís a bheith imithe taréis na h-agóide fiche bliain, maith sibh, is fada an bóthar gan casadh! Trasna ó Oifig an Phoist tá trí foirgneamh agus cuma tréigthe ar dhá ceann daoibh. Tuigim go bhfuilid mar seo le fada agus trua iad bheith folamh ag an gcúinne súntasach seo. Is cuimhin leis an moltóir seo Ceol na Mara a bheith ar dhroch chruth agus caithfar moladh a thabhairt as ucht an glanadh suas a deineadh, in ainneoin go bhfuil sé gan beocht faoi láthair. Glactar leis go bhfuil go leor boscaí bruscair sa timpeallacht ach fós tá fadhb agaibh ó thaobh coras bailiúcháin. I lár tráthnóna Céadaoin bhí roinnt mhaith boscaí lán go barr le bruscar, ag an ionad phicnic ós comhair Tesco, thíos ag an Sean Céibh, taobh leis an leacht Oileán Draíochta agus ar thaobh an bhothair ag Céibh an Spidéil. Léiríonn seo don mholtóir nach bhfuil coras bailiúcháin i bhfeidhm ar bhonn laethúil i rith an tsamhraidh. I lár an bhaile ag ráillí an tséipéil tá an iomad comharthaí, agus gá len iad a smachtú. Molaim an coiste as ucht bailiúcháin 'Píoc Suas é' agus an aire a tugtar ag an gladach.

Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:

Thugamar cuairt ar na h-eastáit uilig agus is maith an caighdeán atá ortha. Is breá linn a thuiscint anois go bhfuil feabhas tagaithe ar an scéim tithíochta ag Ard na Spéire agus nach fada go mbeidh órd agus eagar ar an scéim seo. Tá fáilte roimh an glanadh suas. Is maith go bhfuil feabhas tagaithe ar na h-árasáin ag Bruach na hAbhainn agus b'fhéarr fós dá nglacach lucht chónaithe len iad a chothú go rialta. Tá roinnt tithe aonair le gairdíní mealltacha agus plandáil crainn ag cuid acu. Cuma deas ar an Moinéar i gcónaí in ainneoin an fógra úd i mbearla amháin. Ag teacht amach ón eastáit seo ar do bhealach chun an bhaile ta contúirt tráchta ann le luas tráchta ón Indreabhán: bhfuil leigheas ar seo? Ag an Ionad Leighis ar bhealach isteach ó Ard na Spéire tá plandáil buan den scoth anseo agus an mholadh ag dul don úinéir. Is maith go bhfuil teagmháil fiúntach ag an gcoiste le Comhairle Contae i dtaobh pleanáil tithíochta, mar atá luaite i dtaobh Ard na Spéire.

Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:

Tá an caighdeán ar an mbealach isteach ós na Forbaracha den scoth. Tá an meascán nádúrtha, an Timpeallacht Thógtha agus sráid-dreacha ag cur fáilte do chách agus croth breá ar an dtimpeallacht. Tá na bóithre an smachta le comharthaíocht soiléir, dromcha maith, lampaí leictreach mealltach, agus cosáin leathan, maraon le fallaí cloch traidisiúnta, iad ar fad ag freastal ar na mílte cuairteoirí bliain indiadh bliana. Maith sibh dos na cuailí bratacha ag an Ionad Phicnic, ach ná fan le h-ócáidí speisialta chun usáid a bhaint asta. Moladh arís don chomhartha clocha FÁILTE, a sheasann go maorga ar an mbealach isteach seo. Ba dheas a mhacasamhail bheith le feiscint ar bhóthar Indreabháin. Cinnte is fíor go bhfuil an luas agus brú tráchta tríd an bhaile mimhuinteartha, ach níl an locht ar an gcoiste 'na thaobh.

Concluding Remarks:

Bhain an moltóir an taitneamh as a chuairt sa lá is fuide sa bhliain agus an ghrian ag scoilt na gloch. Cuireann sé an áthas ar dul chun cinn an bhaile a aithint agus a mholadh chomh maith. Tá éacht déanta ag an gcoiste

diograiseach seo, agus marcanna sa bhreis ar 2016 faighte agaibh dá bharr. Go n-éirí libh amach anseso.